



An Oifig Achomharc Talmhaíochta

Is gníomhaireacht neamhspleách í an Oifig Achomharc Talmhaíochta a bunaíodh chun seirbhís achomharc a sholáthar d'fheirmeoirí atá míshásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe. Leagann an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta 2001, mar aon leis na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002, síos feidhmeanna an Stiúrthóra agus na nOifigeach Achomhairc, na cinntí ar féidir achomharc a dhéanamh ina leith agus na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le hachomhairc talmhaíochta. Faoi Alt 14(1) de na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002, beidh aird ag cinneadh an Oifigigh Achomhairc ar phrionsabail an cheartais aiceanta agus comhlíonfaidh sé aon Reachtaíocht agus Téarmaí, Coinníollacha agus Treoirínte ábhartha de chuid an Aire a rialaíonn nó a bhaineann leis an scéim faoi thrácht.

Conas Achomharc a Dhéanamh

Ní mór gach achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus é a sheoladh chuig An Stiúrthóir, An Oifig Achomharc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhínsí, Port Laoise, Co. Laoise R32 DTW5

- Ní mór an fógra a thaisceadh laistigh de 3 mhí ón bhfógra faoin gcinneadh atá á achomharc. Ní ghlacfar le hachomharc a gheofar tar éis 3 mhí ach amháin má mheasann an Stiúrthóir go bhfuil imthosca eisceachtúla ann.
- Sula gcuirtear achomharc faoi bhráid na hOifige Achomharc Talmhaíochta, ní mór gach nós imeachta athbhreithnithe inmheánaigh laistigh den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a bheith ídithe.
- Ba chóir go mbeadh ráiteas san fhógra achomhairc ar na fórais agus na maíomh go léir a bhfuil sé beartaithe brath orthu san achomharc. Ba cheart fianaise dhoiciméadach a chuirtear isteach mar thaca leis an achomharc a chur faoi iamh in éineacht leis an bhfógra achomhairc.
- Ba chóir cóip de litir chinnidh athbhreithnithe deiridh na Roinne a chur faoi iamh.
- Ní mór cruthúnas postais a fháil. Ní féidir glacadh le héilimh achomhairc a chailltear sa phost.
- Ní ghearrtar aon táille as achomharc a thaisceadh.
- Tugtar uimhir thagartha do gach achomharc agus ba chóir an uimhir seo a lua nuair a dhéantar teagmháil leis an Oifig Achomharc Talmhaíochta.
- Admháitear gach achomharc laistigh de 10 lá tar éis é a fháil.
- Mura bhfaigheann tú litir admhála laistigh den tréimhse ama sin ba chóir duit dul i dteagmháil leis an oifig.

Próiseas Achomhairc

Nuair a eisítear cinneadh deiridh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (i.e. tar éis athbhreithniú inmheánach na Roinne), cuirfear in iúl duit go bhfuil rogha agat achomharc a dhéanamh.

- Ní mór don Iarratasóir (Achomharcóir) scéime, atá míshásta leis an gcinneadh, foirm "Fógra Achomhairc" a chomhlánú agus í a chur faoi bhráid na hOifige Achomharc Talmhaíochta.
- Iarrann an Oifig Achomharc Talmhaíochta ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an comhad ábhartha agus ráiteas maidir le forais achomhairc an Achomharcóra. **Cuirfear forais d'achomharc ar aghaidh chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh a dtuairimí a fháil.**
- Nuair a fhaightear an comhad agus an ráiteas, sannann an Stiúrthóir an t-achomharc d'Oifigeach Achomhairc.
- Tá achomharcóirí i dteideal éisteacht ó bhéal mar chuid dá n-achomharc. Is féidir éisteacht ó bhéal a iarraidh i láthair go pearsanta nó ar líne.
- I gcásanna áirithe féadfaidh Oifigeach Achomhairc a mheas gur gá éisteacht ó bhéal a sheoladh cé nach n-iarrann an tAchomharcóir aon éisteacht ó bhéal.
- Tabharfaidh an Oifig Achomharc Talmhaíochta fógra don Achomharcóir nuair a bheidh éisteacht ó bhéal sceidealta.
- Nuair nach bhfuil gá le héisteacht ó bhéal, féadfaidh an tOifigeach Achomhairc dul i dteagmháil leis an Achomharcóir chun an t-achomharc a phlé.
- Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc dul i dteagmháil leis an Achomharcóir nó leis an Roinn le linn an phróisis seo chun tuilleadh faisnéise a fháil sula n-eisítear cinneadh.
- Breithníonn an tOifigeach Achomhairc ar an bhfianaise go léir ina hiomláine (agus aon fianaise a chuirtear i láthair ag éisteacht ó bhéal má bhí ceann ann san áireamh). Déanann an tOifigeach Achomhairc cinneadh ar an achomharc agus cuireann sé an cinneadh in iúl don Achomharcóir i scríbhinn (tríd an bpost nó trí ríomhphost), ag leagan amach na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin. Cuirfear an cinneadh in iúl don Roinn freisin.

Déan Teagmháil Linn

Seoladh: An Oifig Achomharc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhínsí, Port Laoise, Co. Laoise. R32 DTW5
 Teil: 05786-67167
 Ríomhphost: appeals@agriappeals.gov.ie
 Suíomh Gréasáin: www.agriappeals.gov.ie

Éisteachtaí ó Bhéal

- Tá achomharcóirí i dteideal éisteacht ó bhéal mar chuid dá n-achomharc.
- Reáchtáiltear éisteachtaí ó bhéal ag láithreacha agus ag amanna, ag féachaint don éifeachtúlacht agus do na páirtithe san achomharc.
 - Sanntar gach achomharc chuig Oifigeach Achomhairc, a stiúrfaidh an éisteacht.
 - Rachaidh an Oifig Achomharc Talmhaíochta i dteagmháil leis an Achomharcóir maidir leis na socrúithe don éisteacht ó bhéal.
 - Reáchtáiltear éisteachtaí go príobháideach agus beidh siad chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir. Is é cuspóir na héisteachta ná deis don Achomharcóir a chás a chur ar aghaidh agus éisteacht leis an gcás atá á chur ar aghaidh ag an Roinn.
 - Féadfaidh duine eile ionadaíocht a dhéanamh d'Achomharcóir ag an éisteacht ó bhéal; áfach, **caithfidh an tAchomharcóir freastal go pearsanta ar an éisteacht ó bhéal.**
 - Freastalóidh oifigeach nó oifigigh de chuid na Roinne atá eolach ar an gcás ar an éisteacht freisin.
 - Caithfidh an tAchomharcóir an Oifig Achomharc Talmhaíochta a chur ar an eolas **5 lá oibre** roimh ré maidir le haon duine a bheidh in éineacht leo ag an éisteacht ó bhéal.
 - Déanfaidh an tOifigeach Achomhairc cinneadh ar fhoráid na héisteachta ó bhéal ar an lá.
 - Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc an éisteacht a chur siar nó a chur ar atráth má mheastar gur gá.
 - Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc aon ráiteas scríofa atá fíordheimhnithe nó ábhar nó doiciméad eile a bheidh fíordheimhnithe a ghlacadh mar fhianaise prima facie ar aon fhóras in aon chás is cuí leis nó léi.
 - Tá an chumhacht ag Oifigeach Achomhairc fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhu má mheastar gur gá.

Seicliosta Roimh Aighneacht a Dhéanamh

- | | |
|---|----------|
| 1. Tá an scéim clúdaithe ag an Oifig Achomharc Talmhaíochta (déan seic ar an liosta thíos le do thoil) | Tá / Níl |
| 2. Déantar an cinneadh laistigh de na 3 mhí dheireanacha | Tá / Níl |
| 3. Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara athbhreithniú inmheánach i gcrích, ag cur in iúl duit go bhfuil ceart agat achomharc a dhéanamh | Tá / Níl |
| 4. Tá gach faisnéis a iarradh curtha ar fáil, lena n-áirítear cóip den litir chinnidh athbhreithnithe a fuair tú ón Roinn. | Tá / Níl |

Ceart Athbheithne

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil cinneadh an Oifigigh Achomhairc críochnaitheach agus dochloíte, ach amháin sna cúinsí seo a leanas;

- Féadfaidh Oifigeach Achomhairc cinneadh a athrú i gcás ina bhfuil fianaise/firic nua nó athrú ábhartha ar chúinsí.
- Arna iarraidh sin do cheachtar páirtí, féadfaidh Stiúrthóir na hOifige Achomhairc Talmhaíochta cinneadh a athbheithniú i gcás ina ndearnadh botún maidir leis an dlí nó maidir le fíoras an cháis.
- D'fhéadfadh sé gur mhian le hAchomhairc achomhairc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh chuig Oifig an Ombudsman, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773 (01) 6395600.
- Féadfaidh an Ard-Chúirt cinneadh ar phonc dlí a athbheithniú.

Sceideal na Scéimeanna Cumhdaithe

Déileálann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta le hachomhairc faoi na scéimeanna seo a leanas:

Scéim Deontais agus Príomhaíochtaí Foraoisithe
 Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe (ACRES) (ACRES) (Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe) Scéim Oilíúna
 Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS)
 Scéim Oilíúna um Agra-Chomhshaoil (AETS)
 Scéim Leasa, Taifeadta agus Pórucháin Ainmhithe do Thréada Diúil (AWRBS)
 Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (ANC)
 Scéim na Limistéir faoi Shrianta Sonracha (Feirmeoireacht Oiléan (ASC)
 Scéim Buníocaíochta (BPS)
 Taca Bhun-ioncaim d'Inbhuanaitheachta (BISS)
 Clár Sonraí Mairteola (BDP)
 Clár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola (BEEP)
 Clár Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola - Diúil (BEEP-S)
 Beart Cúnaimh Eisceachtúil Mairteola (BEAM)
 Iocaíocht Chríochnaitheoir Mairteola (BFP)
 Scéim Ghéanómaíochta Mairteola (BGS)
 Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (BDGP)
 Scéim Bithhuinnimh
 Clár Bhoirne
 Scéim Infheistíochta Laonna (CIS)
 Taca Ioncaim Chomhlántach d'Fheirmeoirí Óga (CIS-YF)
 Taca Ioncaim Athdháilte Chomhlántach le haghaidh Inbhuanaitheachta (CRISS)
 Clár Laonna Déiríochta-Mairteola
 Clár Éifeachtúlachta Déiríochta
 Deontais Bánaithe – Scéim Chúitimh Eitinne
 Scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste (DAS) seachas Athbheithniú ar an gCóras Aitheantais Dáileachtaí Talún 2013 (Athbheithniú LPIS 2013) a áireamh
 Éicea-Scéim
 Scéim Feabhsúcháin Feirme (FIS)
 Scéim Tacaíochta Farae (FSS)
 An Scéim um Chaomhnú Timpeallacht Foraoise (FEPS)
 Acmhainní Géiniteacha Foraoise Ábhar Atáirgthe: Scéim Clampa Síolta & Síolghort
 Scéim na mBóithre Foraoise
 Scéim Deontais do Mhargáil chun a bhfeidhmiú mar Lárphointí Taifeadta (CPRS) a éascú
 Scéim Glas, Ísealcharbóin, Agra-Chomhshaoil (GLAS) Iocaíocht Ghlasú
 Scéim Caorach Féaraigh (GSS)
 Deontas Cruaitin - Scéim Chúitimh Eitinne
 Scéim Iocaíochta Eisceachtúla Gairneoireachta (HEPS)
 Forlíonadh Ioncaim – Scéim Chúitimh Eitinne
 Scéim um Teicneolaíocht Foraoise Nuálaíoch – Boilsciú na mBonn Láir
 Scéim Cúnaimh Suiteála (IAS)
 Clár Aistríthe Eolais (KT)
 Beart Náisiúnta um Shábháilteacht Feirme 2023 (NFSM)
 An Scéim Náisiúnta Leasa Mairteola (NBWS)
 An Scéim Náisiúnta Leasa Mairteola Déiríochta (NDBWS)
 Scéim um Chaomhnú Coillearnach Dúchais
 Scéim na gCoillearnach Dúchais
 Scéim na Coille Seo Againne
 Scéim Maolaithe Níotráití
 Gnéithe neamh-luachála den Scéim Luachála Ar an bhFeirm le haghaidh Imoibreoirí Eitinne agus Bruisealóise
 Scéim Feirmeoireacht Orgánach
 Scéim Deontais Infheistíochta um Phróiseáil Orgánach
 Scéim Iocaíochta Eisceachtúla Muc (PEPS)
 Scéim Iocaíochta Eisceachtúla Muc 2 (PEPS 2)
 Scéim um Choillearnacha a Atógáil (Séideadh Gaoithe)
 Scéim Cúnaimh Próitéin
 Scéim Barr um Próitéin/Meascán Gránach (50/50)
 Scéim Próitéin (Comh-Bharr)
 Scéim Atógála agus Fophlandaithe (Críonadh Siar Fuinseoige)
 Scéim Atógála Coillearnach
 Scéim Atógála Coillearnach (Damáiste de bharr Sioc)
 Scéim Atógála (Críonadh Siar Fuinseoige Chalara) 2014-2020
 Clár Píolótach Talmhaíochta Comhshaoil, Bunaithe ar Thorthaí (REAP)
 An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS)
 An Scéim um Luathscóir ón bhFeirmeoireacht

Scéim Chúnaimh Deontais chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt
 Scéim Chúnaimh Deontais le haghaidh Feabhsúcháin ar Chaighdeán Leasa Ainmhithe (Tithíocht Cránach)
 Scéim Chúnaimh Infheistíochta do Bhainistiú Dramhaíl Feirme (FWM (FWM)
 Scéim Chúnaimh Infheistíochta d'Fhorbairt na hEarnála Gairneoireachta Tráchtála (gan cinntí a bhaineann le hiarratais ar cheadú chun cuimsiú sa scéim a áireamh – an 1ú céim)
 Scéim Chúnaimh Infheistíochta chun Caighdeán Sláinteachais Déiríochta a Fheabhsú (DHS)
 Scéim Chúnaimh Infheistíochta i bhFiontair Malartacha (Saoráidí Tithíochta agus Láimhseála) (AES)
 Scéim Chúnaimh Infheistíochta le haghaidh Taispeána Áiseanna Próiseála Dramhaíola ar an bhFeirm
 Scéim Infheistíochta ag Táirgeoirí Tráchtála Neamhpríomha san Earnáil Muisiriún agus chun Móna a Athsholáthar ag Táirgeoirí Muisiriún Tráchtála
 Scéim Chúnaimh Infheistíochta d'Éifeachtúlacht Fuinnimh, Uathoibriú agus Próiseáil ag Táirgeoirí Muisiriún Tráchtála
 Scéim Chúnaimh Infheistíochta don Earnáil Prátaí Síil agus d'Earnáil na bPrátaí Sceallóga
 Scéim Cúnaimh Infheistíochta don Earnáil Prátaí Síil (2022)
 Scéim Feabhsúcháin Caorach
 Scéim Leasa Caorach
 An Scéim Iocaíochta Aonair, gan Airteagal 37(2) a áireamh. 40 agus 42 de Chaibidil 2 de Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1782/2003 agus Athbheithniú ar an gCóras Aitheantais Dáileachtaí Talún 2013 (Athbheithniú CADT 2013)
 Scéim Tithíochta Cránach (Leas Ainmhithe)
 Beart Ionchorpraithe Tuí (SIM)
 Clár Éifeachtúlachta Carbóin Diúil (SCEP)
 Tacaíocht don Scéim Deontais Feirmeoireachta Comhoibriúch

Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriodhírithe (TAMS), Lena n-áirítear – (RDP 2007 -2013)

- a) An Scéim Trealamh Déiríochta
- b) An Scéim um Leasa Éanlaithe
- c) An Scéim um Fhlú Caorach / Trealamh Láimhseála Soghluaisite
- d) An Scéim Leasa Tithíochta Cránach
- e) An Scéim um Bailiú Báistí
- f) An Scéim um Shábháilteacht ar an bhFeirm

Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriodhírithe II (TAMS II) (RDP 2014 -2020)

- a) An Scéim um Leas, Sábháilteacht Ainmhithe agus Stóráil Cothaitheach
- b) An Scéim Trealamh Déiríochta
- c) An Scéim Trealamh um Scaipeadh Scioldair Astaíochta Íseal (LESS)
- d) An Scéim Infheistíochta Caipitil Orgánach
- e) An Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe
- f) Scéim Infheistíochta Caipitil na bhFeirmeoirí Óga
- g) Scéim Infheistíochta Caipitil Curaíochta

Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriodhírithe 3 (TAMS 3) (RDP 2014 -2022)

- a) Scéim Leasa Ainmhithe agus Stórála Cothaitheach
- b) Scéim Trealamh Déiríochta
- c) Scéim um Scaipeadh Scioldair Astaíochta Íseal
- d) Scéim Infheistíochta Caipitil Orgánach
- e) Scéim Infheistíochta Caipitil Gréine
- f) Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe
- g) Scéim Infheistíochta Caipitil na bhFeirmeoirí Óga
- h) Scéim Infheistíochta Caipitil Curaíochta
- i) Scéim Infheistíochta Caipitil um Shábháilteacht ar an bhFeirm
- j) Scéim Infheistíochta Caipitil Feirmeoirí Mná

An Scéim Chúnaimh AE d'Eagraíochtaí Táirgeoirí san Earnáil Torthaí agus Glasraí
 Scéim Dreasachta Curaíochta
 Scéim Deontais Foirgneamh Feirme Traidisiúnta 2017 agus 2018
 Scéim Iocaíochta Caorach Ardtaillte
 Beart Tacaíochta um Chailleanas Barra a Bhaineann leis an Aimsir
 Scéim Feabhsaithe Coillearnacha
 Scéim Suiteála um Fheirmeoirí Óga
 Scéim na bhFeirmeoirí Óga

Cosaint Sonraí - RGCS

- Bailíonn an Oifig Achomharc Talmhaíochta (OAT) sonraí pearsanta chun iarratais ar achomharc a phróiseáil agus úsáidtear na sonraí a bhailítear chun críocha staitistiúla freisin: ní úsáidtear sonraí pearsanta, gan an seoladh contae a sholáthraíonn an custaiméir san áireamh, chun críocha staidrimh agus ní dhéantar anailís orthu. Tá an OAT tiomanta go hiomlán do na sonraí pearsanta go léir a chuireann a chustaiméirí isteach a choinneáil go hiomlán sábháilte agus slán le linn próisis riaracháin.
- Tá trédhearcacht agus oscailteacht in úsáid sonraí pearsanta tábhachtach don Oifig Achomharc Talmhaíochta agus tá sé mar aidhm ag an OAT a chustaiméirí go léir a chur ar an eolas go hiomlán maidir leis an gcuspóir nó na cuspóirí a n-úsáidfead a gcuid sonraí agus cén fáth, cén áit ar féidir iad a roinnt in áiteanna eile agus cén fáth agus cá fhad a fhéadfaidh an OAT a gcuid sonraí a choinneáil. Tá an fhaisnéis seo agus an fhaisnéis faoi chearta na gcustaiméirí a sholáthraíonn sonraí pearsanta don Oifig Achomharc Talmhaíochta sonraithe sa rannán um chosaint sonraí ar shuíomh gréasáin na hOifige www.agriappeals.gov.ie.
- Ní bhainfead úsáid as sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an OAT ach amháin chun na críche/na sainchuspóirí mar a leagtar amach iad nuair a bhailítear na sonraí (Foirm Fhógra Achomhairc) agus mar a leagtar amach go mion iad sa rannán um chosaint sonraí ar shuíomh gréasáin na hOifige www.agriappeals.gov.ie. Ní bhainfead úsáid as na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don Oifig Achomharc Talmhaíochta ach amháin de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm. Is é an tAcht Achomharc Talmhaíochta 2001, arna leasú, an bunús dlí a fhorlann do na sonraí atá á mbailliú agus á bpróiseáil ag an Oifig Achomharc Talmhaíochta.
- Tabhair faoi deara le do thoil má tá tú ag freastal ar an Oifig Achomharc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhínsí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 DTW5 go bhfuil TCI i bhfeidhm ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht na foirne. Tá tuilleadh faisnéise sa rannán um chosaint sonraí ar shuíomh gréasáin na hOifige www.agriappeals.gov.ie.
- Féach le do thoil ar shuíomh gréasáin na hOifige Achomharc Talmhaíochta www.agriappeals.gov.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil ar na míreanna thuas agus chun faisnéis mhionsonraithe a fháil ar chosaint sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an Oifig.